




# Leabharlanna Fhine Gall

Acmhainní saor in aisce do bhunscoileanna

# Fáilte

Tá Leabharlanna Fhine Gall ina gcomhpháirtí díograiseach le fada an lá i scoileanna inár bpobal. Tá an treoir seo deartha chun na hacmhainní saor in aisce ar fad atá againn a thairiscint do mhúinteoirí agus do dhaltaí i bhFine Gall a thaispeáint. Tá súil ó chroí againn go n-osclóidh sé saol de sheirbhísí atá éasca le húsáid ar féidir leo tacú le riachtanais foghlama sa seomra ranga.

Soláthraíonn an treoir seo achoimre ar acmhainní agus conas tosú leo. Déanaimid iarracht a thaispeáint conas a d'fhéadfadh siad a bheith úsáideach i suíomh oideachais, leis na grafaicí ceaptha chun blas a thabhairt do gach seirbhís. Déanann ceannteidil mar litearthacht, uimhearthacht agus tógáil scileanna na cineálacha deiseanna foghlama atáimid sásta a thairiscint.

Tá an treoir uaslódáilte againn ar shuíomh gréasáin Leabharlanna Fhine Gall ionas go mbeidh sé ar fáil i gcónaí. Más mian leat tuilleadh cóipeanna do do chomhghleacaithe sa seomra foirne, seol ríomhphost chuig do bhrainse áitiúil agus cuirfimid chugat iad. Mar fhocal scoir, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn má tá tuilleadh eolais uait nó má tá aon cheist agat faoinár seirbhísí do bhunscoileanna.


Le dea-mhéin,

*Foireann uile Leabharlanna Fhine Gall*

# Litearthacht & Uimhearthacht

## Borrowbox

- Cuireann sé na mílte leabhar digiteach, closleabhair, nuachtáin & irisí ar fáil, le hábhar do leanaí agus daoine fásta óga. Is í do leabharlann ar líne í.
- Oiriúnach do Réaltaí an tSamhraidh agus do chlubanna leabhar digiteacha, tagann ríomhleabhair le clónna a oireann do dhaoine a bhfuil disléicse orthu agus tá gné idirchum ann freisin. Tá closleabhair iontach do leanaí ar fearr leo éisteacht, seachas léamh. Is féidir luas na reacaireachta a choigeartú. D'fhéadfaí teidil neamhfhicsin a úsáid le haghaidh tionscadal agus obair bhaile.




### Treoracha

- Íoslódáil an aip BorrowBox, nó téigh chuig *bit.ly/BorrowBoxFingal*
- CA = uimhir do chárta leabharlainne
- Pasfhocal = UAP do chárta. Níl gá le pasfhocal ar leith
- Cuir seoladh ríomhphoist leis

## LOTE4Kids




- Ag tairiscint 3000+ leabhar pictiúr digiteach i 65+ teanga, tá leabhair lánbheoite ag LOTE4Kids, le fotheidil agus reacaireacht Bhéarla nó LOTE. Tagann gach leabhar le haistriúchán Béarla. Molta do aois 3-8.
- Go hiontach do dhaltaí nach é an Béarla a gcéad teanga, ceadaíonn LOTE4Kidsdóibh am scéalaíochta a bheith acu ina dteangacha. Nó, ar mhaith leat cúpla focal de theanga nua a mhúineadh do do dhaltaí?


### Treoracha

- Íoslódáil an app LOTE4Kids, nó téigh go dtí *bit.ly/LOTEFingal*
- Roghnaigh Fine Gall mar do Leabharlann
- Cuir isteach uimhir do chárta & UAP

# Litearthacht & Uimhearthacht

## TumbleBooks

- Tairgeann TumbleBooks leabharlann lán le leabhair leictreonacha, deartha go speisialta do bhunscoileanna. Cuireann sé leabhair phictiúir bheoite ar fáil, leabhair léigh in éineach, leabhair chanadh in éineacht agus físeáin. Tá teidil neamhfhicsin ann faoi eolaíocht, tíreolaíocht, matamaitic, stair agus freisin úrscéalta grafacha, cluichí agus puzail.
- Is bealach iontach é chun páistí a spreagadh chun léamh, mar go mbíonn leabhair siamsúil agus oideachasúla araon. Déantar scéalta a insint go gairmiúil, le téacs aibhsithe ionas gur féidir le leanaí leanúint leo. Má tá ceacht téamach á phleanáil agat, tá rogha mór leabhar faoin teaghlach, na chéad laethanta scoile, siblíní nua, ailléirgí, bulaíocht agus go leor eile i Leabharlann TumbleBooks.




**Treoracha**

- Téigh go dtí *bit.ly/FingalTumbleBook*
- Nó, íoslódáil an aip TumbleBooks, deimhnigh Fine Gall mar do Sheirbhís Leabharlainne agus cláraigh le huimhir do chárta leabharlainne




## TumbleMath

- Déantar leabhair phictiúir ar théama na matamaitice a reic agus a bheochan ionas gur féidir le daltaí éisteacht leo. Cuirtear pleananna ceachta agus tráth na gceist breise leis na leabhair.
- Déan foghlaim uimhearthacht ardspraíúil trí úsáid a bhaint as scéalta chun í a mhúineadh. Tá na mílte tráth na gceist cruthaithe ag múinteoirí matamaitice ar Thairseach na dTráth na gCeist agus clúdaíonn sé gach coincheap matamaitice bunscoile.

**Treoracha**

- Chun tús a chur leis, téigh go dtí *bit.ly/FingalTumbleMath*


# Litearthacht & Uimhearthacht


## Lexia

- Is clár léitheoireachta é Core5 atá curtha in oiriúint do riachtanais dalta. Tá ceachtanna ar líne scriptithe, faoi stiúir an mhúinteora agus deartha le raon foghlaimeoirí i gcuimhne. Tógann Lexia ar a bhfeasacht fhóinéimeach agus a bhfóinic. Cruthaíonn radharcanna gleoite, ildaite agus treoracha spraíúla eispéireas foghlama spraíúil.
- Cuireann an suíomh idirlín sár-éagsúlacht na bpleananna ceachta ar fáil le hobair ranga chomhfhreagrach do theagasc an ghrúpa iomláin, grúpa beag nó aonair.

**Treoracha**

- Chun tús a chur leis, seol ríomhphost le do thoil chuig *lexia@fingal.ie*






## Touch Type Read and Spell (TTRS)

- Is cúrsa clóscríofa ar líne é TTRS a chuidíonn leis an litearthacht agus an litriú. Feiceann na daltaí na focail ar an scáileán, cloiseann siad na focail á labhairt os ard agus ansin tá orthu na heochracha comhfhreagracha a chlóscríobh. Forbraíodh é chun foghlaim céim ar chéim a sholáthar ionas gur féidir leo siúd a bhfuil diospraicse, disléicse agus saincheisteanna foghlama eile orthu oibriú trí chlár clóscríofa ar a luas féin. Leanann TTRS curaclam fónaic Bhéarla.
- Molta do pháistí idir 7 mbliana d’aois agus daoine fásta, is féidir an clár a úsáid go neamhspleách nó le híosmhéid maoirseachta.

**Treoracha**

- Cláraigh trí d’ainm agus d’uimhir chárta leabharlainne a sheoladh ar ríomhphost chuig *library.eservices@fingal.ie*

# Obair Bhaile & Tógáil Scileanna

### Transparent Languages Online - KidSpeak

- Déanann sé foghlaim teanga spraíúil. Ar fáil i Sínis, Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis, cuireann KidSpeak amhráin, cluichí, puzail agus ábhair foghlama eile atá oiriúnach d'aois 6+.
- Foghlaimíonn daltaí an aibítir agus aithint focal, abairtí simplí, conas iolra agus uatha a úsáid, conas idirdhealú a dhéanamh idir focail a bhfuil cuma agus fuaim cosúil acu, suimiú agus dealú simplí, conas am a insint, aithint uimhreacha, agus fuaimniú ceart.

**Treoracha**

- Téigh go dtí *bit.ly/TLOFingal* chun clárú. Is féidir leat leanúint ar aghaidh ar an suíomh gréasáin nó an aip a íoslódáil agus na leideanna logáil isteach a leanúint.





### Coding Ireland

- Cuireann Coding Ireland ní hamháin códú ar fáil anois ach freisin Róbataic, Ealaín dhigiteach & Beochan, agus Cibearshlándáil. Cuirimid rochtain saor in aisce ar fáil do thuismitheoirí agus leanaí a bhfuil suim acu sa saol digiteach. Tá ceithre chlub oscailte do bhallraíocht: 7-9 mbliana d'aois, 10-12 bliain d'aois, 13-15 bliana d'aois, 16+ bliain d'aois.
- Cothaíonn an códú cruthaitheacht agus spreagann sé leanaí le foghlaim trí chleachtas praiticiúil.

**Treoracha**

- Roghnaigh ceann amháin de na naisc seo a leanas bunaithe ar aois an dalta:
- Coding Ireland 7-9: *bit.ly/CodingClubAFingal*
- Coding Ireland 10-12: *bit.ly/CodingClubBFingal*



# Obair Bhaile & Tógáil Scileanna

## The Times Digital Archive

- Is taisce digiteach de nuachtáin lán-théacs í an chartlann seo. Clúdaíonn sí níos mó ná 200 bliain den nuachtán The Times (RA). Is acmhainn iontach í le haghaidh clúdach nuachta ón 18ú, 19ú, 20ú agus tús an 21ú haois.
- Maidir le tionscadail inranga nó obair bhaile, tá an chartlann seo sármhaith do thionscadail staire. Is féidir le daltaí a fheiceáil conas a tuairiscíodh imeachtaí ag an am agus foghlaimíonn siad luach na mbunfhoinsí. Conas a tuairiscíodh nuair a bádh an Titanic i 1912? Conas a breathnaíodh ar Éirí Amach na Cásca?

**Treoracha**

- Faigh rochtain ag baint úsáide as an pasfhocal tryinformarks ag *bit.ly/TimesArchiveFingal*




## Britannica Encyclopaedias: Junior Version




- Faigh rochtain ar leagan na bpáistí den tsraith chiclipéid cháiliúil ionas go mbeidh foinse ráthaithe faisnéise maith ag do dhaltaí. Deartha do dhaltaí idir 5-11 bliana d'aois.
- Foghlaim tuilleadh faoi thíreolaíocht, ainmhithe, daoine cáiliúla, agus go leor eile! Uirlis fhíorluachmhar is ea Britannica Sóisearach agus obair bhaile nó tionscadail á socrú.

**Treoracha**

- Téigh go dtí *bit.ly/BritannicaJuniorFingal* agus logáil isteach le uimhir do chárta leabharlainne.

# Bailiúcháin & Leabharliostaí

## Sraitheanna Ranga

Tá sraitheanna ranga de níos mó ná 50 leabhar agus úrscéalta grafacha againn. Is féidir le haon mhúinteoir a bhfuil Cárta Múinteora Fhine Gall aige/aici iasacht a fháil ón mbailiúchán seo. Coimeádtar teidil do ranganna éagsúla. Áirítear sa bhailiúchán scríbhneoirí móréilimh mar David Walliams, Roald Dahl, Marita Conlon-McKenna, Eoin Colfer, Terry Deary, Ann Carroll, agus go leor eile. Cuirimid roinnt teideal ar fáil as Gaeilge freisin.

**Conas a Oibríonn Sraitheanna Ranga:**

- Féadfaidh tú suas le 30 cóip de leabhar a iarraidh ag an am céanna.
- Is féidir leabhair a fháil ar iasacht ar feadh tréimhse 12 seachtaine.
- Seol ríomhphost chuig malahidelibrary@fingal.ie agus cuir na 3 rogha teidil atá ag teastáil uait in ord tosaíochta. Iarraimid trí rogha uait ar eagla go bhfuil do rogha is fearr ar iasacht cheana féin.
- Cuir uimhir do chárta múinteora agus leabharlann Fhine Gall as ar mhaith leat na leabhair a bhailiú san áireamh.
- Seolfaidh foireann Leabharlann Mhullach Íde ríomhphost le deimhniú cén teideal a eisíodh chugat.
- Déanfaidh baill foirne an bhrainse bailithe teagmháil leat nuair a bheidh na leabhair ar fáil le bailiú.
- Chun an bróisiúr sraitheanna ranga a fheiceáil, scan an cód QR ar an leathanach seo nó seol ríomhphost chuig do leabharlann áitiúil chun cóip a iarraidh.

Íoslódáil ár mbróisiúr Sraitheanna Ranganna go díreach chuig do ghléas

# Bailiúcháin & Leabharliostaí

Íoslódáil ár mbróisiúr LADTA+ go díreach chuig do ghléas

## Léitheoirí Céimnithe

Coinníonn ár leabharlanna bailiúcháin de léitheoirí céimnithe. Ar fáil i bhficsean agus neamhfhicsean, tá an raon teideal oiriúnach do gach aois. Nuair a aimsítear an leibhéal ceart teanga, spreagtar leanaí chun leanúint ar aghaidh ag léamh, agus ag an am céanna, ag tógáil a stór focal agus a muinín. Déan teagmháil le do leabharlann áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil faoi léitheoirí céimnithe a fháil ar iasacht do do rang.

## Bailiúchán LADTA+

Tá bailiúchán leabhar LADTA+ ag Leabharlanna Fhine Gall, atá deartha chun gach aois a chlúdach ón réamhscolaíocht go dtí daoine fásta óga. Cuimsíonn ár dtreoir leabhair cairtchláir, leabhair phictiúr agus leabhair chaibidle, idir fhicsean agus neamhfhicsean. Chun an raon téamaí agus teideal a fheiceáil, scan an cód QR nó seol ríomhphost chuig do leabharlann áitiúil chun cóip den treoir a iarraidh.

# Bailiúcháin & Leabharliostaí

**Leabharliostaí agus Acmhainní**

Má tá liostaí leabhar á lorg agat ar mhaith le do rang a léamh, an féidir linn liostaí coimeádaithe Leabharlanna Éireann a mholadh?
Clúdaíonn na teidil mhionsonraithe na réimsí seo a leanas:

- Sraitheanna ranga - Leabhair phictiúir (Naíonáin shóisearacha & shinsearacha)
- Sraitheanna ranga - Luathléitheoirí (ranganna 1 & 2)
- Sraitheanna ranga - Léitheoirí níos sine (ranganna 2-4)
- Sraitheanna ranga - Léitheoirí níos sine (ranganna 5 & 6)
- Scéimeanna Léitheoireachta Bunscoile - sraith léitheoirí céimnithe
- Speictream an uathachais - raonta aoise éagsúla
- Leabhair cairtchláir LADTA+
- Leabhair phictiúir LADTA+
- Leabhair chaibidle LADTA+

Chun an treoir a fheiceáil nó a íoslódáil, téigh chuig bit.ly/ResourceGuideSchools

Scan an cód QR le dul chuig leabharliostaí Leabharlanna Éireann

# Bailiúcháin & Leabharliostaí

Scan an cód QR le dul chuig Children's Books Ireland

## Children's Books Ireland

Tá cuid ag an nasc thíos freisin ó Children's Books Ireland a chuireann eolas an-úsáideach ar fáil do mhúinteoirí agus do leabharlannaithe scoile, lena n-áirítear:

- Comhairle ar conas deontais a úsáid do leabharlanna scoile
- Acmhainní in-íoslódáilte do leabharlanna scoile
- Naisc chuig foilsitheoirí Gaeilge
- Leabharliostaí do dhídeanaithe agus iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta
- Naisc le leabhar pictiúr gan focal
- Leabharliostaí ETIM
- Na leabhair neamhfhicsin is fearr

# Riachtanais Bhreise

Tá **Bailiúchán Bréagán Céadfach** Leabharlanna Fhine Gall mar chuid dár gClár Acmhainní a Thacaíonn le hUathachas agus tá rogha bréagán ann ar féidir a úsáid inár leabharlanna. Tá siad deartha le bheith tarraingteach do na céadfaí agus le cuidiú le forbairt feidhm luadrach.

Tá **Málaí Droma Céadfacha** intugtha ar iasacht againn freisin, atá réamhphacáilte le míreanna céadfacha. Ina measc seo tá feisteáin méire, soilse snáthoptaice, teilgeoir tonnta an aigéin le fuaimeanna agus callaire, tóirse dineamó tochrais, bráisléid méire zip, liathróid cuachadh, blaincéad ualaithe, ucht pillín ualaithe, málaí céadfacha, bosca meaitseála do chruthanna, seicheamh spréach, cártaí scéalaíochta agus piliúr céadfach. Iarr ar fhoireann na leabharlainne le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tá **Spás Céadfach** ag roinnt leabharlann, atá deartha le bheith ina spás cocúnaithe, suaimhneach do leanaí atá trína chéile. Tá soilsiú atmaisféarach ag an spás céadfach atá sáimhríoch agus suaimhneach. Is féidir é a athrú láithreach chuig an dath is fearr leat. Tá an spás spraíúil, suaimhneach agus tarraingteach do leanbh ar bith. Is féidir leis na spáis seo cuidiú leis an gcur isteach de bharr ró-ualú céadfach a chosc agus a bhainistiú.

Íoslódáil ár mbróisiúr Acmhainní Céadfach go díreach chuig do ghléas

# Riachtanais Bhreise



Tugadh **cártaí Just A Minute (JAM)** isteach i Leabharlanna Fhine Gall, agus cuireadh oiliúint ar gach ball foirne sa chlár. Tá daoine a thugann an cárta i láthair ag iarraidh 'Just a Minute' d'ama agus foighne ar bhealach príobháideach, discréideach agus éasca. Cuireann na cártaí bealach éasca ar fáil freisin d'fhoireann na leabharlainne chun daoine le bacainní cumarsáide agus míchumais fholaithe a aithint.

Cuirtear **Amanna Ciúin** ar fáil i leabharlanna Mhullach Íde, Bhaile Bhlainséir, an Ros, Bhinn Éadair, Dhomhnach Bat, Bhaile Brigín, Shoird agus na Sceirí. Iarr ar fhoireann na leabharlainne le haghaidh tuilleadh sonraí.

Is féidir **Táblaí Tovertafel** a úsáid i Leabharlanna Mhullach Íde, Bhaile Bhlainséir, an Rois agus Bhaile Brigín. Tugtar táblaí draíochta orthu freisin, agus teilgeann siad sraith cluichí idirghníomhacha ar an mbord. Freagraíonn na híomhánna ó na cluichí do ghluaiseachtaí láimhe an úsáideora, rud a ligeann d'úsáideoirí imirt le solas. Dearadh na táblaí seo ar dtús do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu, agus soláthraíonn siad cluichí idirghníomhacha spraíúla do dhaoine de gach aois.

Is gléasanna éadroma iad Pinn Léitheoirí **C-Peann** a léann focail chlóite os ard agus iad ag scanadh thar théacs. Bogann na páistí an peann ar luas seasta trasna an téacs agus nuair a thógann siad ón bpáipéar é (thart ar leathfhad focal ón bhfocal deiridh) léann an peann an téacs os ard. Tá an gléas seo iontach do dhuine ar bith a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu ar nós disléicse. Is féidir le daltaí oibriú go neamhspleách lena bpiaraí. Tá Pinn Léitheoirí C-Peann ar fáil ar iasacht ónár leabharlanna brainse.

# Ag Do Leabharlann

Tá áthas ar fhoireann na leabharlainne turais agus cuairteanna ranga a éascú chun a mhíniú conas a oibríonn an leabharlann. Déan teagmháil le do bhrainse is gaire duit chun dáta agus am a shocrú.

Cuirimid i láthair freisin sceideal iomlán imeachtaí saor in aisce, ceardlanna, cainteanna agus féilte i rith na bliana do gach aois agus spéis, lena n-áirítear ceardlanna agus cainteanna dírithe ar lucht féachana bunscoile agus meánscoile! Déan teagmháil le do leabharlann áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil faoi imeachtaí do scoileanna. Tá liostaí seoltaí ag roinnt brainsí, ionas gur féidir leat a bheith suas chun dáta ar cad a bhfuil ar siúl, nó is féidir leat sinn a leanúint ar na meáin shóisialta. Is féidir gach rud a theastaíonn uait a fháil ag *bit.ly/LibrariesEventsFingal*

Seachas acmhainní digiteacha agus fisiceacha iontacha, ar deireadh thiar, is faoi dhaoine agus faoi phobail atá Leabharlanna Fhine Gall. Tá ár mbaill foirne anseo chun do chuid ceisteanna a fhreagairt agus chun freastal ar do chuid riachtanas. Ba bhreá linn cúnamh a thabhairt duit, do na daltaí agus do do scoil.



# Ag Clárú don Leabharlann

Cuirimid **cártaí Múinteoirí** speisialta ar fáil, ar féidir leat suas le 30 mír shóisearach a fháil ar iasacht ar feadh tréimhse 90 lá. Is féidir leat meascán de theidil fhicsin agus neamhfhicsin a fháil ar iasacht, nó fiú sraith ranga ónár liosta de na teidil atá ar fáil. Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil cártaí Múinteoirí le haghaidh úsáid phearsanta.

Cláraigh do shonraí ar líne agus tabhair d'uimhir shealadach faoi deara. Tabhair d'uimhir shealadach agus d'aitheantas fótagrafach, cruthúnas ar sheoladh baile agus cruthúnas fostaíochta ó do scoil go dtí an leabharlann.

Más mian leat do rang a chlárú le haghaidh cártaí leabharlainne, déan teagmháil le do leabharlann áitiúil le do thoil. Tá ráthóir ag teastáil ó gach cuntas sóisearach, mar sin beidh ort cead tuismitheora a fháil do gach cuntas. Chun dalta a chlárú, beidh ort na sonraí seo a leanas a sholáthar:
Ainm iomlán, seoladh, dáta breithe, ainm an ráthóra, agus sonraí teagmhála an ráthóra (uimhir theileafóin nó ríomhphost). Clárófar gach leanbh le gnáthchuntas sóisearach, a cheadóidh dóibh suas le 12 mhír a fháil ar iasacht ar feadh 21 lá.

Is bealach iontach é seo chun do rang a chlárú le haghaidh cártaí leabharlainne agus chun cuairt ranga a fheabhsú, mar go gcabhraíonn sé le do rang dul i ngleic go hiomlán leis an leabharlann; bíonn ar gach duine rud éigin a thabhairt ar ais ar scoil leo.

**Treoracha**

Ní raibh sé riamh níos éasca chun clárú don leabharlann; cláraigh ar líne ag *bit.ly/RegisterFingal*

Scan an cód QR chun clárú don leabharlann

# Sonraí Teagmhála na Leabharlainne

**LEABHARLANN BHAILE BRIGÍN**

01 870 4401
balbrigganlibrary@fingal.ie

**LEABHARLANN BHAILE GHÁIRE**

01 835 5020
garristownlibrary@fingal.ie

**LEABHARLANN NA SCEIRÍ**

01 890 5671
skerrieslibrary.library@fingal.ie

**LEABHARLANN BHAILE DÚILL**

01 890 6793
baldoylelibrary@fingal.ie

**LEABHARLANN BHINN ÉADAIR**

01 890 5026
howth.library@fingal.ie

**LEABHARLANN SHOIRD**

01 890 5582
swordslibrary@fingal.ie

**LEABHARLANN BHAILE BHLAINSÉIR**

01 890 5560
blanchlibrary@fingal.ie

**LEABHARLANN MHULLACH ÍDE**

01 870 4430
malahidelibrary@fingal.ie

**RÍOMHSHEIRBHÍSÍ NA LEABHARLAINNE**

For eService queries;
library.eservices@fingal.ie

**LEABHARLANN DHOMHNACH BAT**

01 890 5609
donabate.library@fingal.ie

**LEABHARLANN AN ROIS**

01 870 8414
rushlibrary@fingal.ie

libraries.fingal.ie